Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN TEASTAS SÓISEARACH 2010

# SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

# ARDLEIBHÉAL

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. **Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.**

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **leathanaigh 7- 8** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

| **CLUASTUISCINT** | **(40 marc)** |
|---|---|
| **N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin. | |

**Treoracha**

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra**.**

(200 marc)

**ROINN I** **AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA** **40 MARC**

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.

**Cuid A** (18 marc)

Naoi mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 9 = 18 marc.**

**Cuid B** (10 marc)

Cúig mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 5 = 10 marc.**

**Cuid C** (12 mharc)

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 6 = 12 mharc.**

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, 7rl., is féidir uasmhéid 2 mharc a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as 40 marc) ag an deireadh.

**ROINN II** **LÉAMHTHUISCINT** **40 MARC**

**Ceist 1 (40 marc)**

Freagair A ***agus*** B anseo.

**A. (20 marc)**

Tá cúig cheist, (i) – (v) le freagairt.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (i): (a) 2 (b) 1+1 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (ii): (a) 2 (b) 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (iii): 2+2 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (iv): (a) 2 (b) 1+1 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (v): (a) 2 (b) 1+1 = 4 mharc.

**4 mharc x 5 = 20 marc**

**B. (20 marc)**

Tá cúig cheist, (i) – (v) le freagairt.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (i): 2+2 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás na gceisteanna (ii) agus (iii): (a) 2 (b) 2 = 4 x 2 = 8 marc.
Tá freagra ceart **amháin** ar cheisteanna (iv) agus (v); 4 x 2 = 8 marc.

N.B. Is féidir uasmhéid 4 mharc a bhaint den iomlán ag an deireadh i ngeall ar easpa cúraim i láimhseáil na teanga.

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 2 (20 marc)**

Freagair A ***nó*** B anseo.

**A. (20 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá** mharc ar gach mír eolais atá ceart.
Má tá dhá chuid sa bhfreagra ceart, m.sh. **go ➔ gur + scríobh** bronntar **1 + 1** ar an bhfreagra ceart.
**2 mharc x 5 = 10 marc.**

**B. (20 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá mharc** ar gach mír eolais atá ceart.
Má tá dhá chuid sa bhfreagra ceart, m.sh. **naoi déag / ochtó** bronntar **1 + 1** ar an bhfreagra ceart.
**2 mharc x 5 = 10 marc.**

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 4. (50 marc)**

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

**Ábhar**: 10 marc. **Gaeilge**: 40 marc. 10 + 40 = 50 marc.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B, C** agus **D**.

**Nóta**: I gcás **Roinn IV** thuas bheifí ag súil le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna don chumas Gaeilge.

## PÁIPÉAR II (S8) (90 marc)

| ROINN I | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (2 + 2) x 3 = 12 mharc.

**Buntuiscint**: (i) (ii) agus (iii) = 2 + 2 x 3 = iomlán (4 x 3 = 12 mharc)
**Léirthuiscint**: (i), (ii) agus (iii) = 2 + 2 x 3 = iomlán (4 x 3 = 12 mharc)

- **Tuiscint**: (4 x 3) + **Gaeilge 3 mharc** = 15 mharc.

**Ceist 2. (15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an tsaothair** = 1 mharc.
**Ainm an údair** = 1 mharc.

**A (ii)** *agus* **B (ii)** **Ábhar**: 5 mharc **Gaeilge**: 8 marc.

**A** *nó* **B**: 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (4 x 3) = 12 mharc.

**Buntuiscint**: (i) (ii) agus (iii) = 2 + 2 x 3 = iomlán (4 x 3 = 12 mharc).

**Léirthuiscint**: (i) = 4 mharc
(ii) agus (iii) = 2 + 2 x 2 = (8 mharc).
(i), (ii) agus (iii) = iomlán (12 mharc).

- **Tuiscint**: (4 x 3) + **Gaeilge 3 mharc** = 15 mharc.

**Ceist 4. (15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an dáin** = 1 mharc.
**Ainm an fhile** = 1 mharc.

**A (ii)** *agus* **B (ii)**

- **Ábhar**: 5 mharc.

- **Gaeilge**: 8 marc.

**A** *nó* **B** : 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.

**Ceist 5**

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc.

- **Foirmlí**: 3 mharc.
- **Ábhar:** 10 marc.
- **Gaeilge**: 17 marc.

**3+10 + 17 = 30 marc.**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

**1.** **Na Foirmlí Ceiliúrtha:**

| | | |
|---|---|---|
| | Seoladh: | 1 mharc. |
| | Beannú: | 1 mharc. |
| | Críoch: | 1 mharc. |

**2.** Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

**3.**

| | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Na cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10. | Marc **as** 17. |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8. | Marc **as** 14. |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6. | Marc **as** 11. |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4. | Marc **as** 8. |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2. | Marc **as** 5. |

**4.** Litreacha neamhfhoirmeálata is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]

Litir fhoirmeálta is ea **C**. [Beannú; Críoch]

## OIRIÚNTAS RÉASÚNTA

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, faofa ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh. Iarrtar ort na hiarrthóirí seo a mharcáil sa ghnáthshlí, d'réir na scéime marcála, agus na leasuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin. Ní mór na leasuithe a thaispeáint ar fhreagarleabhair na n-iarrthóirí. Baineann an t-oiriúntas seo le litriú agus le cruinneas gramadaí sna ceisteanna a bhfuil marcanna ar leith ag dul do na nithe sin.

### PÁIPÉAR 1 (S7)

| ROINN I | CLUASTUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**Treoir**: Ná baintear aon mharc d'aon iarrthóir i ngeall ar easpa cruinnis, 7rl faoi mar atá treoraithe ar lch 3 den scéim mharcála seo.

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1 + Ceist 2 (20+20)**

**Treoir**: Ná baintear aon mharc (as an uasmhéid 3 mharc is féidir a bhaint) "i ngeall ar easpa cúraim i láimhseáil na teanga", faoi mar atá treoraithe ar lch 3 den scéim mharcála seo.

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 2 (20 marc)**

**Treoir**: Glactar le leis an bhfreagra chomh fada agus atá comhréir na habairte agus an fhoghraíocht i gceart.

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3 (50 marc)**

**Ábhar**: 10 marc. **Gaeilge**: 40 marc. 10 + 40 = 50 marc.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

10 – 14: + **1**. 15 – 24: + **2**. 25 – 34: + **3**.

35 – 36: + **4**. 37, 38, 39 > **40**.

**PÁIPÉAR II (S8)**

| **ROINN I** | **PRÓS LITEARTHA** | **30 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 1.**

Trí cheist: **Tuiscint:** 4 mharc.
**Gaeilge:** 1 mharc.

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

**Ceist 2.**

**Gaeilge: 8 marc.**

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + 1. 5 – 6: + 2. 7 > 8.

| **ROINN II** | **FILÍOCHT** | **30 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 3.**

Trí cheist: **Tuiscint:** 4 mharc.
**Gaeilge:** 1 mharc.

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

**Ceist 4.**

**Gaeilge: 8 marc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: **+ 1**. 5 – 6: **+ 2**. 7 > **8**.

| **ROINN II I** | **LITIR** | **30 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 5.**

**Gaeilge: 17 marc.**

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

4 – 7: **+ 1.** 8 – 11: **+ 2**. 12 – 14: **+ 3**. 15, 16 > **17**.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010**

**GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I**

| ROINN I | CLUASTUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**N.B. NÍ MÓR NA FREAGRAÍ AR FAD A SCRÍOBH AS GAEILGE.**

## CUID A (18 marc)

### 1. AN CHÉAD CHAINTEOIR

| **Ainm** | ***Nuala Ní Fhlatharta*** | |
|---|---|---|
| Cad as do Nuala? | • Ros Muc, Conamara, Co. na Gaillimhe.<br>• Ros Muc. | **2 mharc** |
| Cén scoil a bhfuil Nuala ag freastal uirthi? | • Scoil an Phiarsaigh. | **2 mharc** |
| Luaigh **dhá** ábhar scoile a thaitníonn le Nuala. | • Gaeilge. | **2 mharc** |
| | • Matamaitic. | **2 mharc** |
| Cad a deir a máthair faoi Nuala agus a cuid cócaireachta? | • Nach féidir léi ubh, fiú, a bheiriú i gceart.<br>• Nach féidir léi ubh a bheiriú.<br>• Nach bhfuil sí go maith ag cócaireacht. | **2 mharc** |

### 2. AN DARA CAINTEOIR

| **Ainm** | ***Aindréas Ó Colla*** | |
|---|---|---|
| Cár rugadh Aindréas? | • Rugadh Aindréas i bPáras. | **2 mharc** |
| Breac síos **dhá** phointe eolais faoi athair Aindréis. | • Is múinteoir ealaíne é athair Aindréis.<br>• Is múinteoir é. | **2 mharc** |
| | • Is múinteoir ealaíne sa Phobalscoil áitiúil é<br>• Is múinteoir sa Phobalscoil é. | **2 mharc** |
| | • Chaith athair Aindréis fiche bliain ag obair i bPáras. | 2 mharc |
| | • Chas sé ar mháthair Aindréis i bPáras. | 2 mharc |
| Cén aois a bhí Aindréas nuair a tháinig sé go hÉirinn? | • Bhí sé seacht mbliana d'aois nuair a tháinig sé go hÉirinn. | **2 mharc** |

## CUID B

**1.** **FÓGRA**

**(a)** Cén t-ainm atá ar an iris Ghaeilge idirlín a luaitear san fhógra?

- **Nós.** **(2 mharc)**

**(b)** Cé mhéad a chosnaíonn síntiús bliana?

- **Cosnaíonn síntiús bliana €40.** **(2 mharc)**

**(c)** Luaigh **dhá** ábhar/thopaic a bhíonn ar fáil san iris.
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas:

- **Cúrsaí ceoil.** **(1 mharc)**
- **Cúrsaí taistil**. **(1 mharc)**
- Cúrsaí scannán. (1 mharc)
- Cúrsaí faisin. (1 mharc)

**2.** **PÍOSA NUACHTA**

**(a)** Cén fhéile a bheidh ar siúl in Montana i mbliana?

- **Seachtain na Gaeilge**. **(2 mharc)**

**(b)** Luaigh **dhá** rud a mbíonn béim orthu le linn na féile.
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas:

- **An teanga**. **(1 mharc)**
- **Ceol traidisiúnta**. **(1 mharc)**
- Drámaíocht. (1 mharc)
- Litríocht na hÉireann. (1 mharc)

## CUID C

**1.** **COMHRÁ A hAON**

**An Chéad Mhír**

**(a)** Cén fáth ar chuir Brian glaoch ar Shiún?

- **Chuir Brian glaoch ar Shiún chun dul chuig seó faisin leis.** **(2 mharc)**

**An Dara Mír**

**(b)** Cén t-óstán ina mbeidh an ócáid a luaigh Brian le Siún?

- **Óstán an Rí.** **(2 mharc)**

**(c)** Cén t-am a shocraigh Siún bualadh le Brian?

- **Shocraigh Siún bualadh le Brian ar leath i ndiaidh a seacht.** **(2 mharc)**

**2.** **COMHRÁ A DÓ**

**An Chéad Mhír**

**(a)** Luaigh bua **amháin** atá ag Evanna Lynch agus Matthew Lewis, dar le Máire agus Bríd.
Luaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

- **Bua na haisteoireachta**. **(2 mharc)**
- Bua na dathúlachta. (2 mharc)

**An Dara Mír**

**(b)** Breac síos tréith **amháin** a deir Máire atá ag Jack, buachaill nua Amanda.
Luaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

- **Tá Jack dathúil**. **(2 mharc)**
- Is sórt amadáin é. (2 mharc)

**(c)** Cá mbeidh Bríd ag dul le Jack?

- **Beidh Bríd ag dul le Jack go dtí na Debs.** **(2 mharc)**

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | 40 marc |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN II i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 1.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (20 marc)**

**(i)** **(a)** Cé a chuireann Seó Tallainne na hÉireann i láthair?

- Is í Gráinne Seoige a chuireann an seó i láthair. **(2 mharc)**

**(b)** Luaigh **dhá** chineál gníomhartha a léiríonn gur seó ilghnéitheach é Seó Tallainne na hÉireann.
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas:

Is cinnte gur seó ilghnéitheach é mar glactar le:

- **Amhránaíocht ar an sean-nós.** **(1 mharc)**
- **Rince ar an sean-nós.** **(1 mharc)**
- Hip hop. (1 mharc)
- Bailéid. (1 mharc)
- Roc. (1 mharc)
- Coiméide. (1 mharc)
- Amhráin tíre. (1 mha
- Gleacaíocht. (1 mharc)
- Ceoldrámaí. (1 mharc)

**(ii)** **(a)** Cén aidhm atá leis na trialacha réigiúnacha?

- **Cuirtear trialacha ar siúl i ngach réigiún i rith mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair chun na hiomaitheoirí is fearr a roghnú.** **(2 mharc)**

**(b)** Cé a chuireann ceol sa chúlra nó frapaí ar fáil?

- **Má bhíonn gá le ceol sa chúlra nó frapaí d'aon saghas bíonn ar gach iomaitheoir iad a bhreith leis nó léi.** **(2 mharc)**

**(iii)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil lucht féachana ollmhór ag Seó Tallainne na hÉireann.
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas:

- **Bíonn dianchoimhlint idir na hiomaitheoirí** **(2 mharc)**
- **Tá an clár seo bunaithe ar bhród as d'áit dúchais féin.** **(2 mharc)**
- Freastlaíonn an seó ar shean agus óg. (2 mharc)
- Is maith le daoine a bheith ag féachaint ar chláir a léiríonn mothúcháin. (2 mharc)
- Is maith le daoine dathúlacht na moltóirí agus an láithreora. (2 mharc)

**(iv)** (a) Luaigh mothúchán **amháin** a léirítear nuair a theipeann ar iomaitheoir dul ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile.
Luaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

- **Siltear na deora go faíoch nuair a theipeann ar iomaitheoir dul ar aghaidh.** **(2 mharc)**
- Brón. (2 mharc)
- Díomá. (2 mharc)
- Briseadh croí. (2 mharc)

**(c)** Luaigh **dhá thréith** a bhí ag na **Maolchiaráin**.
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas:

- **Bhí an ceol traidisiúnta agus an rince ar an sean-nós go smior iontu.** **(1+1 = 2 mharc)**

**(v)** **(a)** Cad air a mbraitheann iomaitheoirí den chuid is mó?

- **Braitheann na hiomaitheoirí cuid mhór ar an tacaíocht áitiúil.** **(2 mharc)**

**(b)** Luaigh dhá chosúlacht idir Seó Tallainne na hÉireann agus comórtais a ritheann an Cumann Lúthchleas Gael.
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas:

- **Tá go leor cosúlachtaí idir Seó Tallainne na hÉireann agus na comórtais a ritheann an Cumann Lúthchleas Gael. Tosaíonn Seó Tallainne na hÉireann go háitiúil agus críochnaíonn sé le Craobh na hÉireann.** **(1+1 = 2 mharc)**

**B (20 marc)**
**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**(i)** Cad iad an **dá** rud a sheolann grúpa daltaí chuig TG4 chun cur isteach ar an gcomórtas scannán?

- **Seolann grúpa daltaí cuntas gairid ar scéal an scannáin maraon le script Ghaeilge don scannán, chuig TG4.** **(2+2 = 4 mharc)**

**(ii) (a)** Cén áit i mBaile Átha Cliath a mbronntar na duaiseanna?

- **Bronntar na duaiseanna ar na buaiteoirí gach bliain sa Lárionad Scannán i mBaile Átha Cliath.** **(2 mharc)**

**(b)** Luaigh rud **amháin** a tharlaíonn ag bronnadh na nduaiseanna.

- **Taispeántar na scannáin agus fógraítear na buaiteoirí náisiúnta.** **(2 mharc)**

**(iii) (a)** Cá mbíonn Féile Scannán *Ciak* ar siúl?

- Bíonn Féile Scannán *Ciak* ar siúl san Iodáil. **(2 mharc)**

**(b)** Luaigh scoil **amháin** a ndearna TG4 scannán dá scéal anuraidh.
Is leor ainm na scoile a lua.

- Rinne TG4 scannáin de scéalta na scoileanna seo anuraidh: Pobalscoil Chaisleán Chnucha, Baile Átha Cliath; Grianán Mhuire, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí agus Meánscoil Chnoc na Labhrás, Luimneach. **(2 mharc)**

**(iv)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
**'Caithfidh na daltaí a bheith lárnach i gcomórtas scannán TG4.'**

**Alt 1 =** ☑ √ **2 =** ☐ **Alt 3 =** ☐ **Alt 4 =** ☐ **(4 mharc)**

**(v)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
**'Tá seasamh idirnáisiúnta ag comórtas scannán TG4.'**

**Alt 1 =** ☐ **Alt 2 =** ☐ **Alt 3 =** ☑ √ **Alt 4 =** ☐ **(4 mharc)**

**Scríobh freagraí ROINN III i do fhreagarleabhar.**
**Ceist 2.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (10 marc)**

# Turas Teanga / Freagraí

Rugadh Alex Hijmans in Heemskerk san Ísiltír i 1975.Bhog sé go Gaillimh i 1995 chun Gaeilge a fhoghlaim. **Bhain** sé an tArd-Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach amach ina dhiaidh sin. **D'oibrigh** Alex le Foinse, Raidió na Gaeltachta, RTÉ agus Nuacht TG4. **Bhí** a dhráma *Aingilín* ar siúl i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh in 2002. Sa bhliain 2007 **Chuaigh** Alex go Meiriceá Theas. Tá eolas againn faoi seo toisc **gur scríobh** Alex leabhar nua i nGaeilge le déanaí dar teideal *Favela*.

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Bhain** | **2 mharc** |
| **2.** | **D'oibrigh** | **2 mharc** |
| **3.** | **Bhí** | **2 mharc** |
| **4.** | **Chuaigh** | **2 mharc** |
| **5.** | **gur scríobh** | **2 mharc** |
| | **gur** | **1 mharc** |
| | **scríobh** | **1 mharc** |

**B (10 marc)**

Fáilte **romhat** chuig www.feachtas.ie

Fáilte ………..………. chuig www.feachtas.ie

Tá eolas faoin eagraíocht *Feachtas* ………..………. an suíomh gréasáin seo.

Bunaíodh *Feachtas* sa bhliain (1980) ………..……….

Tá a lán daoine óga páirteach ………..………. eagraíocht seo.

Is daoine óga faoi ocht ………..………. déag d'aois atá i bh*Feachtas*.
(a) bliain (b) bhliana (c) blianta (d) mbliana

Cuireann *Feachtas* an Ghaeilge chun cinn ar fud ………..……….
(a) an tír (b) na dtíre (c) na tíre (d) na tíortha.

Fáilte romhat chuig www.feachtas.ie

**1.** Tá eolas faoin eagraíocht *Feachtas* **ar / ag** an suíomh gréasáin seo. **2 mharc**

**2.** Bunaíodh *Feachtas* sa bhliain (1980) **naoi déag ochtó / míle naoi gcéad ochtó.** **2 mharc**

**3.** Tá a lán daoine óga páirteach **san** / **insan** eagraíocht seo. **2 mharc**

**4.** Is daoine óga faoi ocht **mbliana** déag d'aois atá i bh*Feachtas*. **2 mharc**
(a) bliain (b) bhliana (c) blianta (d) mbliana.

**5.** Cuireann *Feachtas* an Ghaeilge chun cinn ar fud **na tíre** **2 mharc**
(a) an tír (b) na dtíre (c) na tíre (d) na tíortha.

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3 (50 marc)**

Ní ga níos mó na leathanach go leith a scríobh.

**Ábhar:** 10 marc. **Gaeilge**: 40 marc. 10 + 40 = 50 marc.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in A, B, C agus D.

I gcás ROINN 1V bheifí ag siúl le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna don Chumas Gaeilge.

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:

(i) An clár teilifíse is fearr liom.

(ii) Corn an Domhain sa Sacar san Afraic Theas 2010.

(iii) Cairde agus comharsana.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:

'Bhí mo bhreithlá ann agus bheartaigh mé cóisir a bheith agam i mo theach féin, cé go raibh mo thuismitheoirí as baile…'

(ii) Déan cur síos ar eachtra a tharla duit agus tú amuigh ag siopadóireacht.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

(i) 'Cuirtear an iomarca béime ar an spórt sna scoileanna.'

(ii) 'Ba cheart deireadh a chur leis an obair bhaile.'

**D. ALT** (do nuachtán nó d'iris)

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Iarradh ort alt a scríobh d'iris na scoile faoi dhaoine bochta sa tír seo faoi láthair.
Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile.

(ii) Tá *Foinse* ag lorg ailt a mbeidh cur síos ann ar na fadhbanna atá ag daoine óga.
Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

# GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(90 marc)**

| ROINN I | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (2 + 2) x 3 = 12 mharc.

**Buntuiscint**: (i), (ii) agus (iii) = 2 + 2 x 3 = iomlán (4 x 3 = 12 mharc)
**Léirthuiscint**: (i), (ii) agus (iii) = 2 + 2 x 3 = iomlán (4 x 3 = 12 mharc)

- **Tuiscint**: (4 x 3) + **Gaeilge 3 mharc** = 15 mharc.

**A ( Buntuiscint )**

**(i)** Luaigh **dhá** chúis a raibh 'cuma bhuartha' ar an bpríomhoide. (**Alt 2**)
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas: **(2 + 2 = 4 mharc)**

- Tharla eachtra éigin sa scoil ag an deireadh seachtaine.
- Goideadh an pictiúr a bhí ar crochadh ar chúlbhalla halla na scoile le níos mó ná céad bliain.
- Bhí an príomhoide an-bhuartha gur goideadh ceann de na pictiúir ba luachmhaire ar domhan.

**(ii)** Luaigh **dhá** rud a thug gach duine faoi deara nuair a d'iompaigh siad thart. (**Alt 3**)
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas: **(2 + 2 = 4 mharc)**

- **Bhí marc dronuilleogach san áit a raibh an phéint ar dhath níos éadroime ná an chuid eile den bhalla.**
- **Bhí sé soiléir go mbíodh rud éigin ar crochadh ansin le tamall fada de bhlianta.**

**(iii)** Bhí **dhá** thuairim ann maidir le scéal an phríomhoide.
Breac síos an **dá** thuairim sin. (**Alt 6**)
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas: **(2 + 2 = 4 mharc)**

- **Nuair a bhris an scéal an tráthnóna sin, cheap idir mhúinteoirí, dhaltaí agus thuismitheoirí go raibh an príomhoide ag déanamh cnocáin de chnapán.**
- **Bhí sé soiléir do gach duine nach raibh sa phictiúr a bhí ar crochadh i halla na scoile ach cóip amaitéarach den phictiúr cáiliúil, *An Mona Lisa*?**
- Seans gur chóip bhréagach de a thug Perugia ar ais!
- Seans go raibh *An Mona Lisa* ceart ar crochadh i halla Scoil an Chnoic ó shin i leith, gan fhios don saol!

**B ( Léirthuiscint Ghinearálta )**

**(i)** '*Fear crua a bhí sa phríomhoide.*'
An léiríonn an príomhoide na tréithe sin sa sliocht seo? Is leor dhá phointe eolais a lua.
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas: **(2 + 2 = 4 mharc)**

Léiríonn an príomhoide gur fear crua a bhí ann:

- **Mar chloisfeá biorán ag titim.**
- **Mar chuir sé deireadh le himeachtaí i ndiaidh am scoile.**
- Mar d'iarr sé ar na scoláirí, dul caol díreach abhaile i ndiaidh am scoile gach lá as sin amach.
- Mar d'ordaigh sé dóibh dul chuig a seomraí ranga.
- Mar dúirt sé go raibh oideachas le cur orthu.
- Nuair a chuir múinteoir ceist air faoi bhriseadh isteach, labhair sé go grod.
- Bhí fearg ina ghlór.
- Bhog sé go mífhoighneach ó chos go cos.

**Nó**

Ní raibh an príomhoide ina fhear crua. Tá a lán fianaise sa sliocht.

- **Mar sheas an príomhoide, an tUasal Mac an tSionnaigh, ar an ardán, a cheann faoi agus gan húm ná hám as ar feadh i bhfad.**
- **Mar bhí cuma bhuartha air.**
- Mar thosaigh sé ag féachaint ó thaobh go taobh.
- Mar bhí an chuma ar an bpríomhoide faoin am seo gur mhaith leis imeacht de rith as an áit
- Mar d'fhan sé mar a raibh sé agus é fós ag féachaint ó thaobh go taobh.

**(ii)** Luaigh **dhá** phointe eolais a léiríonn an t-atmaisféar míchompordach a bhí sa halla scoile.
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas: **(2 + 2 = 4 mharc)**

- **Sheas an príomhoide, an tUasal Mac an tSionnaigh, ar an ardán, a cheann faoi agus gan focal as ar feadh i bhfad.**
- **Fear crua a bhí sa phríomhoide, ach an lá áirithe seo bhí cuma chráite air.**
- D'fhéach sé ó thaobh go taobh.
- Bhí na páistí agus na múinteoirí míshuaimhneach.
- Chloifeá biorán ag titim.
- Bhí monabhar cainte le cloisteáil i measc scoláirí agus múinteoirí na scoile.
- Bhí an chosúlacht ar an bpríomhoide faoin am seo gur mhaith leis rith as an áit.
- Bhí fearg le brath ina ghlór.
- Mar bhí sé ag bogadh go mífhoighneach ó chos go cos.
- Mar fágadh gach duine ina thost.
- Mar ní raibh sé soiléir cén fáth go raibh an cás chomh dáirire.

**(iii)** An dóigh leat go bhfuil críoch an scéil anseo sásúil? Is leor **dhá** chúis a lua i do fhreagra.
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas: **(2 + 2 = 4 mharc)**

- Tá mar…..
- Tá mar…..

**Nó**

- Níl mar…..
- Níl mar…..

**Nó**

- Tá mar…..
- Níl mar…..

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo. Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh. **(15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an tsaothair** = 1 mharc
**Ainm an údair** = 1 mharc

**A (ii)** *agus* **B (ii)** **Ábhar**: 5 mharc; **Gaeilge**: 8 marc

**A *nó* B: 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1**.

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin *ábhair*.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin *ábhar* úd agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de *na hábhair* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil *an t-ábhar* sin i gceist ann.

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(a) Cúrsaí Spóirt (b) An Dúlra (c) Saol na Scoile

(d) An Saol faoin Tuath (e) Saol na Cathrach (f) Taisteal

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat.

**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

**Ceist 3. (15 mharc)**

Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo.
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (4 x 3) = 12 mharc.

Buntuiscint: (i) = 4 mharc
(ii) agus (iii) = 2 + 2 x 2 = iomlán (4 x 2 = 8 marc)
(i), (ii) agus (iii) = iomlán (12 mharc)

Léirthuiscint: (i) = 4 mharc
(ii) agus (iii) = 2 + 2 x 2 = (8 mharc)
(i), (ii) agus (iii) = iomlán (12 mharc)

- **Tuiscint**: (4 x 3) + **Gaeilge 3 mharc** = 15 mharc.

**A (Buntuiscint)**

**(i)** Mínigh i d'fhocail féin a bhfuil i gceist sna **línte 9 – 12** sa dán *Daonáireamh 1911*.

- **Labhair sin-seanmháthair an fhile Gaeilge.**
  **Bríd Ní Dhuibhir ab ainm di. Bhí sí ina cónaí i nGleann Dá Locha.**
  **Ní raibh an bhean bhocht ábalta léamh ná scríobh.**
  **D'oibrigh sí ó mhaidin go hoíche.** **(4 mharc)**

**(ii)** (a) Cén áit ar rug Púdailín an bua iontach leis? (*An Púdal Béal Dorais*)

**Bhí bua iontach aige i gCrufts.** **(2 mharc)**

(b) Luaigh gradam **amháin** a bronnadh ar Phúdáilín. (*An Púdal Béal Dorais*)
Luaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

- **Bronnadh saoirse na cathrach air.** **(2 mharc)**
- Litir ghairdis ón bPáirc.

**(iii)** (a) Luaigh rud **amháin** a thóg Muiris Ó Gormáin atá luaite sa dán *Daonáireamh 1911*.
Luaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

- **Thóg sé séipéal.** **(2 mharc)**
- Thóg se ballaí cloch.

(b) Cén fáth a bhfuil Éireannaigh bródúil as bua Phúdailín? (*An Púdal Béal Dorais*)

- **Fuair sé an bua ar mhadraí móra an tsaoil.** **(2 mharc)**

**B (Léirthuiscint)**

**(i)** Tá *díomá* nó *brón* léirithe sa véarsa deireanach sa dá dhán. I gcás dáin **amháin**, déan cur síos i do fhocail féin ar an gcaoi a gcuireann an file an *díomá* nó *an brón* os ár gcomhair.
Luaigh mothúchán amháin agus dean dean forbairt:

**An Púdal Béal Dorais**

- **Tá díomá ar an bhfile mar ní raibh saoirse ag an bpúdal.** **(4 mharc)**
- Ní raibh cead ag an bpúdal meascadh lena chompánaigh. (4 mharc)
- Ní raibh cead ag an bpúdal meascadh lena chairde (4 mharc)
- Ní raibh cead ag an bpúdal meascadh le maidríní na sráide. (4 mharc)
- Is créatúirín an madra. (4 mharc)

**Daonáireamh 1911**

- **Tá díomá ar an bhfile mar ní raibh gairmeacha beatha ag na mná.** **(4 mharc)**
- Bhí mná céile, iníonacha agus cailíní aimsire gan stádas, gan chéim, gan éirí in airde. (4 mharc)
- Bhí na mná ar an runga ab ísle den dréimire. (4 mharc)
- Ní raibh léamh ná scríobh ag an gcréatúirín. (4 mharc)
- Tá díomá ar an bhfile. Ba chainteoir Ghaeilge í a sin-seanmháthair agus bhí an ré sin thart. (4 mharc)
- Ní raibh a sin-seanmháthair ábalta léamh ná scríobh. (4 mharc)
- Bhí a sin-seanmháthair ag obair ó dhubh go dubh. (4 mharc)

**(ii)** I gcás ceann **amháin** den dá dhán, déan cur síos ar an saghas duine é an file a chum an dán, dar leat. Is leor **dhá phointe** eolais a lua. **(2 + 2 = 4 mharc)**

**An Púdal Béal Dorais**

- **Duine goilliúnach. Tá trua aige don phúdal. Tuigeann sé nach bhfuil saoirse ag an bpúdal.**
- Duine le suim in ainmhithe. Tá trua aige don phúdal. Tuigeann sé nach bhfuil saoirse ag an bpúdal.
- Duine searbhasach. Tá sé ag magadh faoi úinéirí peataí. Tá a lán áibhéile sa dán. Is aoir é an dán seo.

**Daonáireamh 1911**

- Duine le suim sa chultúr. Tá díomá ar an bhfile. Ba chainteoir Ghaeilge í a sin-seanmháthair agus bhí an ré sin thart.
- Duine a bhfuil suim aici san óige. Caitheann an file roinnt ama ag caint lena gariníon. Téann sí siar sa stair.
- Duine a bhfuil suim aici sna seantraidisiúin. Luaigh sí saor cloiche. Ní raibh aon ghairm ag na mná.
- Duine a bhfuil comhbhá aici leis na mná. Ní raibh gairm bheatha ag na mná. Bhí siad ar an runga ab ísle den dréimire.

**(iii)** Cé acu ceann den dá dhán is fearr a thaitin leat? Luaigh **dhá** chúis le do fhreagra. **(2 + 2 = 4 mharc)**

**An Púdal Béal Dorais**

- Thaitin an dán seo liom mar….
- Thaitin an dán seo liom mar….

**Daonáireamh 1911**

- Thaitin an dán seo liom mar….
- Thaitin an dán seo liom mar….

**Ceist 4**. Freagair **A** *nó* **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.) **(15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

| | | |
|---|---|---|
| **Teideal an dáin** | = | 1 mharc |
| **Ainm an fhile** | = | 1 mharc |

**A (ii)** *agus* **B (ii)**

- **Ábhar**: 5 mharc
- **Gaeilge**: 8 marc

**A** *nó* **B** : 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.

**A**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá i do rogha **ceann amháin** den dá dhán i g**Ceist 1** thuas.

<u>Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.</u>

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin *ábhair* sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an t-ábhar sin os ár gcomhair.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin *ábhar* úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin *ábha*r céanna sa dán atá ainmnithe agat.

**A (i) agus (ii)**

**B**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de *na saghsanna daoine* seo thíos i gceist ann.

<u>Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.</u>

| | | |
|---|---|---|
| (a) Duine cáiliúil | (b) Duine áthasach | (c) Duine brónach |
| (d) Duine feargach | (e) Duine i ngrá | (f) Duine uaigneach |

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *saghas duine* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file *an saghas duine* sin os ár gcomhair.

| ROINN III | LITIR | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 5**. Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.)

**Ceist 5**

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc.

- **Foirmlí**: 3 mharc
- **Ábhar**: 10 mharc
- **Gaeilge**: 17 marc

**3+10 + 17 = 30 marc.**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

**1.** **Na Foirmlí Ceiliúrtha:**

| | |
|---|---|
| Seoladh: | 1 mharc |
| Beannú: | 1 mharc |
| Críoch: | 1 mharc |

**2.** Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

**3.**

| | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Na cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10 | Marc **as** 17 |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8 | Marc **as** 14 |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6 | Marc **as** 11 |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4 | Marc **as** 8 |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2 | Marc **as** 5 |

**5.** Litreacha neamhfhoirmeálata is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]

Litir fhoirmeálta is ea **C**. [Beannú; Críoch]

## A

Ceapadh príomhoide nua i do scoil féin le déanaí. Scríobh **litir** chuig do chara ag insint dó/di faoi.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoin bpríomhoide nua
- **dhá** phointe eolais faoin bpríomhoide deireanach
- pointe **amháin** eile faoi ról an phríomhoide.

## B

Tá tú ar do laethanta saoire i dtír iasachta. Scríobh **litir** chuig do chara ag insint dó/di faoin tír ina bhfuil tú.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais i dtaobh na tíre ina bhfuil tú
- **dhá** phointe eolais i dtaobh na rudaí atá déanta agat ó shroich tú an tír ina bhfuil tú
- pointe **amháin** eile faoi rud éigin nár thaitin leat faoin tír ina bhfuil tú.

## C

Léigh tú alt i nuachtán faoin ábhar: **'Tá sé in am deireadh a chur leis an Teastas Sóisearach.'** Scríobh **litir** chuig eagarthóir an nuachtáin i dtaobh an ailt sin.

I do litir luaigh

- **dhá** mhórphointe a bhí san alt ar an ábhar
- **dhá** thuairim eile uait féin ar an ábhar
- pointe **amháin** eile faoin alt.